Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15015/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0200(NLE)**

**TRANS 727**
**RELEX 1563**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11037/22 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10421/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>– Glacadh |

1. Fuair an Coimisiún sainordú an 2 Meitheamh 2022 ar dá réir a chuir an Coimisiún tús leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le hiompar earraí de bhóthar. Toradh na caibidlíochta sin is ea an Comhaontú thuas.

2. An 17 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin. Ghlac an Chomhairle an cinneadh uaithi maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe an 27 Meitheamh 2022. Síníodh an comhaontú an 29 Meitheamh 2022 agus tá feidhm shealadach aige ón lá sin.

3. Foilsíodh an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 6 Iúil 2022[1].

[1] *IO L 179, 6.7.2022, lch. 1.*

4. An 5 Iúil 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

5. Chuir an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 27 Iúil 2020 lena toiliú a fháil.

6. An 10 Samhain 2022, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

7. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' den chlár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích a ghlacadh, mar atá i ndoiciméad 11050/22.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle i ngach teanga, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tarchuirfear an Cinneadh sin chuig an bParlaimint.